Scáthán

Bhí mé ag féachaint sa scáthán i mo sheomra ag socrú mo smididh le dul ar scoil. Ansin,stop mé. Fuair mé an chéad scáthan póca beag a fuair mé nuair a thosaigh mé ag baint trialach as mascara agus mar sin de.

Thosaigh mé ag cuimhneamh ar an am sin. D'impigh mé ar mo mham an scáthán a cheannach dom. Bhí sceitimíní orm nuair a fuair mé smideadh mar bhronntanas! Ansin, cheap mé go mbeadh mé in ann mo phearsantacht féin a chur in iul leis an smideadh. Ba rud speisialta, draíochtúil é ó shin. 'Anois', a cheap mé 'is gnáthrud é domsa agus ní maith liom é ar chor ar bith! Is rud lofa, neamhusáideach é a chuireann isteach ar gach bean a chaitheann é. I ndáirire, cén fáth go gcaithim féin é?

Ansin, thug mé faoi deara nar chaith mé smideadh sa bhaile, níor chaith mé é ach amháin nuair a bhí mé ag dul amach gach lá. Rith sé liom gur cailín difriúil mé sa bhaile ná lasmuigh de. Ní mé an cailín ciuin, cúthaileach a éisteann seachas bheith ag caint, mar a cheapann daoine ar scoil. ' Ní mé an duine sin' a dúirt mé liom féin, ' sa bhaile, le mo chlann agus mo chairde, is duine difriúil ar fad mé. Is duine cróga, bríomhar agus cainteach mé! Ní maith liom caint

treallach, sin an fáth go gceapann daoine gur duine gan rud ar bith le rá me. Sin an fáth go gcuirim cuma ciúin orm!

Ansin a thuig mé go raibh mé ag caitheamh masc an t-am ar fad. B'shin an uair a thosaigh mé a bheith i mo dhuine féin. Bhí fhios agam céard a bhí le deanamh agam. Ghlan mé m'aghaidh, thug mé mo dhroim leis an scáthán agus d'imigh mé ar scoil. Gan smideadh, gan masc agus gan a mhalairt de phictiur díom.



Nil fhios agam fós céard leis a raibh mé ar súil ar scoil, ach níor thug aon duine aon aire dom ar chor ar bith. Ach, bhí rang Béarla ar síul an lá sin. Bhí mé i gconaí ag iarraidh labhairt sa rang Béarla ach ní bhfuair mé seans. Chuaigh mé isteach sa rang le mo cheann in airde.

Don chéad uair, thosaigh mé ag argóint sa rang faoin rún a bhí á phlé agus bhí gach duine ag féachaint orm le hionadh. Bhí guth agam agus ansin bhí fhios ag gach duine!

Thosaigh mé ag cuimneamh ar lá amhain a labhairt mo mhuinteoir Bhéarla liom. Bhi faitíos orm mar is muinteoir dian í ach bhí iontas orm. Níor thug sí amach amach. Bhí guth bóg, deas aici. Dúirt sí, ' Is duine cliste thú. Bíonn d'obair bhaile go maith ach ní dhéanann tú iarracht sa rang. Níl tú i do dhuine féin.'

Níor thuig mé cad a bhí i gceist aici go dtí an lá leis an scáthán, sin an fath gur labhair mé sa rang. Nuair a bhí an

rang críochnaithe, chonaic mé mo mhuinteoir le miongháire ar a haghaidh.

Ansin, bhí fhios agam go raibh mé an rud céart á dhéanamh agam. Bhí orm bheith macánta liom féin, bhí orm mo shaol a athrú agus bhí orm bheith i mo dhuine féin, faoi dheireadh.

Shiúil mé timpeall na scoile agus dúirt mé 'Haigh!' le gach duine a bhuail mé leo. Cinnte, bhí cúpla duine ag gáire fúm ach don chead uair i mo shaol, ba chuma liom!

Nuair a chuaigh mé abhaile níor thug ach duine amháin faoi deara gur athraigh mé ach d'eirigh go maith leis an lá ar aon nós. Chuaigh mé go dtí mo sheomra agus chuir mé an smideadh sa bhosca bruscair. Chuir mé mo chuid éadaí i málaí agus thosaigh mé ag péinteáil na mballaí. Bhí seomra nua agam don duine nua.

An lá sin, shocraigh mé nach gcaithfinn mé masc arís go deo, seachas ar oíche shamhna b'fhéidir!

Le Croí Buckley